

Scileanna Réamhriachtanacha sa Chumarsáid trasna an Churaclaim

Léirítear dul chun fosta nuair a thagann laghdú ar an méid tacaíochta ó dhaoine fásta: le treoir, le laghdú ar an treoir, gan treoir.

Riachtanais le hAghaidh Éisteacht, Tuiscint, agus Labhairt

Ba chóir go gcuirfí ar chumas daltaí:

- éisteacht le plé, míniúcháin, rólghlacadh agus cur i láthair, iad seo a thuiscint agus a bheith rannpháirteach iontu;

- ráitis a thabhairt, ceisteanna a chur agus freagairt do dhearcthaí daoine eile;

- faisnéis, smaointe, barúlacha, mothúcháin agus samhluithe a chur in iúl ag úsáid stór focal atá ag leathnú;

- a gcuid cainte a struchtúrú le go dtuigfidh daoine eile a gcuid smaointe;

- labhairt go soiléir agus dóigheanna labhartha a oiriúnú don lucht éisteachta agus don chás;

- dóigheanna neamhbhriathartha a úsáid le smaointe a chur in iúl agus le haird an éisteora a tharraingt.

S1 Taithí

(dul i dtaithí ar/i dteagmháil le)

I ngníomhaíochtaí céadfacha agus i bhfoghlaim ghníomhaíochtbhunaithe/shúgradhbhunaithe, is é a dhéanfaidh na daltaí:

- taithí ar idirghníomhú le duine fásta/piara;

Mar shampla:

- suífidh nó seasfaidh siad i ngrúpa ar feadh tréimhsí gairide;
- taithí ar dhaoine a bhfuil aithne acu orthu ag labhairt trí ghnáthaimh laethúla;
- taithí ar a bheith ag obair i ngrúpa beag i dtús nó i ndeireadh an lae;

- taithí ar réimse spreagthaigh chéadfacha;

Mar shampla:

- léireoidh siad go gairid go bhfuil a fhios acu go bhfuil daoine eile i láthair;

- teagmháil agus taithí ar réimse spreagthach;

Mar shampla:

- taithí ar réimse spreagthaigh chéadfacha amhail gléas ceoil, bréagán, leabhar, bia;
- léireoidh siad go gairid go bhfuil a fhios acu go bhfuil réad nó spreagthach i láthair;

- teagmháil agus taithí ar éagsúlacht d'idirghníomhú cumarsáide;

Mar shampla:

- taithí ar bheannachtaí, amhráin, am nuachta, scéalaíocht, tionól;
- taithí ar idirghníomhú le réimse daoine;

- teagmháil agus taithí ar éagsúlacht de chumarsáidithe agus de chásanna;

Mar shampla:

- teagmháil le cuairteoirí chuig an tseomra ranga, aoichainteoirí, tionóil, léirithe;

- teagmháil agus taithí ar chumarsáidithe agus ar chásanna éagsúla;

Mar shampla:

- taithí ar dhuine fásta/piara atá ag tabhairt aird duine le duine le cumarsáid a dhéanamh;
- taithí ar chumarsáidithe éagsúla ag gabháil do bheannú, amhráin, am nuachta, scéalaíocht, tionól, súgradh faoin aer, cuairteanna oideachasúla.

S2 Freagairt

(tabhairt faoi deara, freagairt, idirghníomhú anois agus arís)

I ngníomhaíochtaí céadfacha agus i bhfoghlaim ghníomhaíochtbhunaithe/súgradhbhunaithe, is é a dhéanfaidh daltaí:

- suim a léiriú anois is arís i nduine fásta/piara nó i ngrúpa beag;

Mar shampla:

- suífidh nó seasfaidh siad i ngníomhaíocht ghrúpa agus léiríodh siad aird anois is arís;
- amharcaidh siad sa tsúil ar dhuine nó déanfaidh siad gluaiseachtaí coirp nó gothaí gnúise mar thús le suim a léiriú i nduine fásta/piara/cara;
- tosóidh siad ar ghuthú a dhéanamh;

- freagairt anois is arís do ghníomhaíochtaí a bhfuil siad cleachta leo;

Mar shampla:

- léireoidh siad go bhfuil siad ag cailleadh suime;
- leanfaidh siad lena súile spreagthach suimiúil;
- úsáidfidh siad fuaim/comhartha/gotha gnúise/gluaiseachtaí coirp le riachtanas a chur in iúl;

- réimse freagairtí a chur in iúl anois is arís;

Mar shampla:

- idirghníomhóidh siad le duine fásta/piara; mar shampla le meangadh gáire nó le guthú le linn gníomhaíochta;
- díreoidh siad súil nó béarfaidh siad ar réada/pictiúir srl. (le guthú nó gan ghuthú) le suim a léiriú iontu;
- léireoidh siad sásamh/míshásamh le gothaí gnúise/guthú (fuaim fhánach)/gluaiseachtaí coirp nó díúltóidh siad breathnú sa tsúil/druidfidh siad na súile;
- léireoidh siad go bhfuil a fhios acu go bhfuiltear sásta leo;

- riachtanais agus tuiscint a chur in iúl anois is arís;

Mar shampla:

- anois is arís amharcaidh siad ar, agus freagróidh siad do, dhuine fásta atá ag cur rud éigin atá ag tarlú faoi láthair in iúl, amhail ‘amharc ar an teidí’, ‘amharc ar an leabhar’;
- déanfaidh siad guthú éigin mar fhreagra ar bheannacht, le linn scéil nó rainn nó nuair a labhraítear ar ghníomhaíocht a bhfuil dúil acu inti;
- déanfaidh siad gluaiseachtaí coirp mar fhreagairt le linn idirghníomhú le daoine fásta/piaraí/cairde;

- guthú agus/nó gluaiseachtaí coirp a dhéanamh anois is arís lena léiriú go bhfuil a fhios acu go bhfuil lucht éisteachta i láthair;

Mar shampla:

- déanfaidh siad guthú, gothaí gnúise agus/nó gluaiseacht choirp éigin mar aithint go bhfuil lucht éisteachta i láthair;
- freagróidh siad do phiara agus/nó déanfaidh siad idirghníomhú le piara;
- úsáidfidh siad gléas cumarsáide breisitheach;
- freagróidh siad d’aithris ar a gcuid guthaithe;

- modhanna neamhbhriathartha a úsáid le dul i dteagmháil leis an éisteoir;

Mar shampla:

- freagróidh siad do bheannú sóisialta go neamhbhriathartha; mar shampla déanfaidh siad gáire, bogfaidh siad bail aghaidhe nó déanfaidh siad fuaim;
- úsáidfidh siad éagsúlacht de ghléasanna cumarsáide breisitheacha anois is arís;
- tarraingeoidh siad aird le comharthaí/gothaí gnúise agus gluaiseachtaí coirp.

Scileanna Réamhriachtanacha sa Chumarsáid trasna an Churaclaim

Léirítear dul chun fosta nuair a thagann laghdú ar an méid tacaíochta ó dhaoine fásta: le treoir, le laghdú ar an treoir, gan treoir.

Riachtanais le hAghaidh Éisteacht, Tuiscint, agus Labhairt

Ba chóir go gcuirfí ar chumas daltaí:

- éisteacht le plé, míniúcháin, rólghlacadh agus cur i láthair, iad seo a thuiscint agus a bheith rannpháirteach iontu;

- ráitis a thabhairt, ceisteanna a chur agus freagairt do dhearcthaí daoine eile;

- raibí, smaointe, barúlacha, mothúcháin agus samhluithe a chur in iúl ag úsáid stór focal atá ag leathnú;

- faisnéis, smaointe, barúlacha, mothúcháin agus samhluithe a chur in iúl ag úsáid stór focal atá ag leathnú;

- a gcuid cainte a struchtúrú le go dtuigfidh daoine eile a gcuid smaointe;

- labhairt go soiléir agus dóigheanna labhartha a oiriúnú don lucht éisteachta agus don chás;

- dóigheanna neamhbhriathartha a úsáid le smaointe a chur in iúl agus le haird an éisteora a tharraingt.

- dóigheanna neamhbhriathartha a úsáid le smaointe a chur in iúl agus le haird an éisteora a tharraingt.

- dóigheanna neamhbhriathartha a úsáid le smaointe a chur in iúl agus le haird an éisteora a tharraingt.

S3 Dul i mBun

(dul i mbun, aithris a dhéanamh ar iompraíocht mhúnlaithe, aird a dhíriú, súile a dhíriú ar rudaí, aithint)

I ngníomhaíochtaí struchtúrtha, i gcomhthéacsanna coitianta inrochtana agus i bhfoghlaim ghníomhaíochtbhunaithe/súgradhbhunaithe, is é a dhéanfaidh daltaí:

- imeachtaí, fuaimeanna, gníomhartha nó focail a bhfuil siad cleachta leo a aithint;

Mar shampla:

- suífidh nó seasfaidh siad i ngníomhaíocht ghrúpa ar feadh tréimhsí atá ag teacht lena leibhéal forbartha/tuisceana;
- tosóidh siad ar shúile a dhíriú agus ar pháirt a ghlacadh i réimse de ghníomhaíochtaí cainte, ríme agus amhránaíochta;
- léiríodh siad le comharthaíocht choirp agus/nó le hiarrachtaí ar fhocail (i mBéarla nó i nGaeilge) go dtig leo imeachtaí atá ar eolas, amhail fuaimeanna, gníomhartha nó focail in amhráin nó i scéalta a bhfuil siad cleachta leo a dhéanamh amach roimh ré;
- leanfaidh siad eochairfhocal eolais/treoir a bhfuil comhartha ag dul leis, leithéid ‘amharc’, ‘stad’, ‘fan’;
- déanfaidh siad aithris ar ghníomhartha, amhail bosa a bhualadh, cosa a ghreadadh, méara a chroitheadh;
- díreoidh siad aird ar ábhar cainte an duine fhásta;

- dul i mbun cinntí agus roghanna;

Mar shampla:

- rachaidh siad i mbun réada tagartha;
- tosóidh siad ar fhocail/comharthaí/siombailí aonair a athrá/a athdhéanamh nó ar aithris a dhéanamh orthu;

- feasacht ar mhothúcháin agus bharúlacha bunúsacha a chur in iúl;

Mar shampla:

- léireoidh siad pléisiúr agus iad ag glacadh páirt i ngníomhaíocht le comharthaí/fuaimeanna nó iarrachtaí ar fhocail, gníomhaíocht amhail amhrán/scéal nó rann a ndearnadh aithris air an iliomad uaireanta agus a bhfuil siad an-chleachta leis;
- léireoidh siad a míshástacht nuair a dhiúltóidh siad páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht nó nuair a chroithfidh siad a gceann mar chomhartha diúltaithe/brúifidh ar shiúl/siúlfaidh ar shiúl;

- tosú ar dhul i mbun cumarsáid a bhfuil cuspóir léi;

Mar shampla:

- díreoidh siad súil/méar ar phictiúir i leabhar nuachta ranga ina bhfuil faisnéis ar dhaoine agus ar ghníomhaíochtaí a bhfuil siad an-chleachta leo;
- úsáidfidh siad comharthaí simplí le linn amhráin, scéalta agus rainn athráite;
- úsáidfidh siad díriú súl/comhartha/gluaiseachtaí coirp le tuiscint ar stór focal bunúsach a léiriú, amhail réada a bhfuil siad cleachta leo a ainmniú, ‘teidí, ‘leabhar’, mar shampla;

- guthú agus/nó gluaiseachtaí coirp a úsáid i gcónaí lena léiriú go bhfuil a fhios acu go bhfuil lucht éisteachta i láthair;

Mar shampla:

- déanfaidh siad aithris ar fhuaimeanna/comharthaí;
- úsáidfidh siad fuaim nó comharthaí le riachtanas a chur in iúl;
- úsáidfidh siad fuaim nó comhartha leis an réad is fearr leo a shainiú/a iarraidh;

- modh neamhbhriathartha a úsáid agus iad i mbun comhrá;

Mar shampla:

- amharcaidh siad sa tsúil tamall gairid mar fhreagairt ar chomhrá ginearálta;
- tógfaidh siad lámh duine fásta lena threorú chuig mír/réad/gníomhaíocht atá siad a iarraidh;
- iarrfaidh siad gníomhaíocht trí shúil/méar a dhíriú ar réad nó ar dhuine.

S4 Páirtíocht Ghníomhach

(idirghníomhú, roinnt, páirtíocht, comhoibriú, déanamh amach roimh ré, cuimhneamh)

I ngníomhaíochtaí struchtúrtha, i gcomhthéacsanna coitianta inrochtana agus i bhfoghlaim ghníomhaíochtbhunaithe/súgradhbhunaithe, is é a dhéanfaidh daltaí:

- páirt a ghlacadh i rainn, amhráin, scéalta agus iarratais a bhfuil siad cleachta leo;

Mar shampla:

- déarfaidh siad cúpla focal agus/nó déanfaidh siad cúpla gníomh le páirt a ghlacadh i gcluichí teanga/amhráin/ rainn;
- leanfaidh siad treoracha simplí soiléire a bhfuil comharthaí ag dul leo, leithéid ‘faigh do chóta’, ‘cuir ort do chuid bróg’;
- glacfaidh siad páirt i ngníomhaíochtaí corpheasachta, amhail baill choirp a rothlú, bogadh os comhair/ar chúl, bogadh chuig spás sonraithe;
- úsáidfidh siad gléasanna cumarsáide breisitheacha, amhail lasca, le cumarsáid le daoine fásta agus le piaraí a chur chun cinn;

- páirt ghníomhach a ghlacadh i gceisteanna simplí a fhreagairt;

Mar shampla:

- úsáidfidh siad ‘tá’ agus ‘níl’ mar is ceart i bhfocail/comharthaí/siombailí;
- úsáidfidh siad réada a bhfuil siad cleachta leo le cumarsáid a dhéanamh;
- nuair a chuirfear ceist orthu, cuirfidh siad in iúl go bhfuil cuidiú de dhíth orthu le focal nó le comhartha/siombail;
- nuair a ainmneofar iad, déanfaidh siad guthú/díreoidh siad súil/méar ar dhuine/réad/bia a bhfuil siad cleachta leo lena shainaithint;

- teanga/comharthaí/siombailí simplí a úsáid le mothúcháin agus barúlacha a chur in iúl;

Mar shampla:

- úsáidfidh siad gléasanna cumarsáide breisitheacha le nuacht pearsanta/imeachtaí ábhartha a chur in iúl;
- cuirfidh siad riachtanais laethúla in iúl i bhfocail/go neamhbhriathartha;
- léireoidh siad go dtugann siad faoi deara mothúcháin bhunúsacha daoine eile, áthas/brón/fearg, mar shampla; tosóidh siad a chaoineadh mar fhreagairt ar chaoineadh páiste eile;
- tosóidh siad ar mhothúcháin a aithint i réimse de phuipéid mhiotógacha/cártaí gothaí gnúise; mar shampla, aghaidh bhrónach, aghaidh shona;

- páirt a ghlacadh i gcomhráite simplí;

Mar shampla:

- úsáidfidh siad iarracht ar fhocail le linn scéalta, amhráin agus rainn athráite;
- tosóidh siad ar aithris a dhéanamh ar ‘ardú agus íslíú’ sa chaint (tuin chainte) agus ar fhuaimeanna guthanna;
- úsáidfidh siad sraitheanna de ghuthú ina bhfuil corrfhocal inaitheanta mar aithris ar chaint duine fásta;
- úsáidfidh siad díriú súile/comhartha/gluaiseacht choirp/comharthaí/siombailí le cur leis an chomhrá;

- cumarsáid shoiléir a dhéanamh le lucht éisteachta a bhfuil siad cleachta leo;

Mar shampla:

- úsáidfidh siad pictiúir/siombailí le cumarsáid a dhéanamh le lucht éisteachta a bhfuil siad cleachta leo;
- úsáidfidh siad gléas cumarsáide breisitheach le cumarsáid a dhéanamh;
- déanfaidh siad idirghníomhú mar is cuí le beannú sóisialta, amhail ‘Maidin mhaith’ nó ‘Dia duit’;
- lorgóidh siad aird le hamharc sa tsúil, comhartha nó gníomh;
- úsáidfidh siad teanga bhriathartha/guthú, comharthaí nó siombailí le riachtanais nó le suimeanna reatha a chur in iúl;

- réimse de mhodhanna neamhbhriathartha a úsáid le cumarsáid a dhéanamh agus le haird an éisteora a tharraingt;

Mar shampla:

- déanfaidh siad teagmháil fhisiceach le duine fásta/piara leis an idirghníomhú a choinneáil ag dul;
- amharcaidh siad sa tsúil ar an éisteoir nó tiontóidh siad aghaidh an éisteora ina dtreo féin lena aird a tharraingt;
- déanfaidh siad sealaíocht le cuidiú soiléiriú amhairc amhail clár ‘cé leis an seal?’

Scileanna Réamhriachtanacha sa Chumarsáid trasna an Churaclaim

Léirítear dul chun fosta nuair a thagann laghdú ar an méid tacaíochta ó dhaoine fásta: le treoir, le laghdú ar an treoir, gan treoir.

Riachtanais le hAghaidh Éisteacht, Tuiscint, agus Labhairt

Ba chóir go gcuirfí ar chumas daltaí:

- éisteacht le plé, míniúcháin, rólghlacadh agus cur i láthair, iad seo a thuiscint agus a bheith rannpháirteach iontu;

- ráitis a thabhairt, ceisteanna a chur agus freagairt do dhearcthaí daoine eile;

- faisnéis, smaointe, barúlacha, mothúcháin agus samhluithe a chur in iúl ag úsáid stór focal atá ag leathnú;

- a gcuid cainte a struchtúró le go dtuigfidh daoine eile a gcuid smaointe;

- labhairt go soiléir agus dóigheanna labhartha a oiriúnú don lucht éisteachta agus don chás;

- dóigheanna neamhbhriathartha a úsáid le smaointe a chur in iúl agus le haird an éisteora a tharraingt.

S5 Daingniú

(tosú ar thuiscint a fhorbairt)

I ngníomhaíochtaí struchtúrtha, i gcásanna agus i gcomhthéacsanna coitianta, is é a dhéanfaidh daltaí:

- a bheith páirteach i gcomhráite agus treoracha soiléire simplí a leanúint;

Mar shampla:

- éistfidh siad le míniúcháin/cainteanna gairide a bhfuil pictiúir/ilmheáin ag dul leo, agus tuigfidh siad iad;
- glacfaidh siad páirt i rólímirt shamhlaíoch faoi threoir duine fásta;
- éistfidh siad le faisnéis ó dhuine fásta/piaraí;
- freagróidh siad go cuí agus leanfaidh siad treoracha simplí;

- ceisteanna simplí ábhartha a chur agus a fhreagairt go cruinn;

Mar shampla:

- freagróidh siad ceisteanna simplí mar is cuí agus le tuiscint;
- tosóidh siad ar cheisteanna simplí a chumadh, amhail ‘leithreas?’, ‘deoch?’;

- cumarsáid a úsáid le cur síos a dhéanamh ar smaointe agus ar bhraistintí lena riachtanais féin a shásamh;

Mar shampla:

- cuirfidh siad tuairimí simplí in iúl; mar shampla ‘maith’ a rá le ‘bhí sin maith’ nó ‘bhain mé sult as sin’ a chur in iúl, nó comhartha a dhéanamh, is é sin ordóga in airde, meangadh, bualadh bos;
- tosóidh siad ar fhéinfheasacht éigin a chur in iúl; mar shampla, ‘tuirseach’ nó ‘ní maith’;
- cuirfidh siad sásamh nó míshásamh in iúl agus fios acu go bhfuil gníomhaíocht ag dul a tharlú;

- tosú ar thuiscint a fhorbairt ar struchtúr comhrá;

Mar shampla:

- léireoidh siad éisteacht ghníomhach;
- déanfaidh siad sealaíocht go cuí i gcomhrá/gníomhaíochtaí faoi threoir duine fásta;
- croithfidh siad an chloigeann/freagróidh siad go dearfach nó go diúltach/déanfaidh siad gothaíochtaí pearsanta/úsáidfidh siad léiriúcháin phictiúrtha le freagra simplí a thabhairt nuair a labhróidh duine fásta faoi rudaí a rinne na daltaí le déanaí;
- úsáidfidh siad focail aonair nó míreanna cainte/guthú dhá fhocal le tuairim a thabhairt agus iad ag amharc ar fhíseán/ag éisteacht le scéal/ag amharc ar ghrianghraif srl; mar shampla ‘madadh mór’, ‘teidí buí’, ‘cat beag’;
- úsáidfidh siad athrá agus/nó fuaim mhéadaithe le haghaidh béime;

- cumarsáid shoiléir a dhéanamh le lucht éisteachta níos mó;

Mar shampla:

- úsáidfidh siad pictiúir le cumarsáid a dhéanamh ag leibhéal abairt shimplí i gcomhthéacsanna/timpeallachtaí nach bhfuil siad cleachta leo;
- léireoidh siad go bhfuil siad sásta comharthaíocht chúí a úsáid le cumarsáid a dhéanamh;
- úsáidfidh siad gléas breisitheach le cumarsáid a dhéanamh (dhá/trí fhocal);
- úsáidfidh siad guthú le hidirghníomhú sóisialta a thosú le piaraí/daoine fásta/cuairteoirí;

- réimse de mhodhanna neamhbhriathartha a úsáid le smaointe a chur in iúl;

Mar shampla:

- úsáidfidh siad réimse de chomharthaí/siombailí/gothaí le smaointe a chur in iúl, nuair is maith/nach maith leo rud, mar shampla.

Leibhéal 1

I gcásanna coitianta, agus iad ag éisteacht le agus ag freagairt do réimse de spreagthaigh, tig le daltaí:

- éisteacht le faisnéis a thuiscint agus a fháil;
- ról duine eile a ghlacadh;
- miniúcháin ghairide agus plé simplí a thuiscint;
- treoracha gairide simplí a thuiscint agus a leanúint;

- ciall a bhaint as a bhfuil cluinte acu agus freagairt dó de réir mar is cuí, agus iad ag fáil cuidiú le struchtúr abairtí agus le stór focal nuair is gá;
- iad féin a iompar agus labhairt amhail is gur duine eile iad, agus iad ag fáil cuidiú le struchtúr abairtí agus le stór focal nuair is gá. Tig leo, mar shampla, a chur i gcéill gur dochtúir iad agus go bhfuil steallaire de dhíth orthu srl;
- buntuisct a bheith acu ar a bhfuil á mhíniú dóibh agus tig leo a bheith páirteach i bplé simplí, mar shampla, labhairt lena ‘bpáirtí freagartha’ (páirtí labhartha);
- éisteacht le treoracha simplí ar nós “Cuir do bhruscar sa bhosca bruscair”, iad a thuiscint agus a leanúint;

- ceisteanna a chur agus a fhreagairt ar mhaithe le faisnéis faoi leith;

- ceisteanna simplí a chur nuair ba mhaith leo eolas ar leith a fháil agus tugann siad freagraí bunúsacha ar cheisteanna, agus iad ag fáil cuidiú le struchtúr abairt agus le stór focal nuair is gá;

- stór focal simplí óna n-eispéiris féin a úsáid le cur síos ar smaointe agus ar mhothúcháin;

- stór focal simplí óna n-eispéiris féin a úsáid le cur síos ar smaointe agus ar mhothúcháin, agus iad ag fáil cuidiú le struchtúr abairtí agus le stór focal nuair is gá;

- iarracht a dhéanamh labhairt ar a gcuid eispéireas féin;

- cur síos ar rud a tharla le go dtuigfidh daoine eile é, mar shampla, labhairt ar na háiteanna ar thug siad cuairt orthu, ar na daoine a casadh orthu agus ar na rudaí a rinne siad, agus iad ag fáil cuidiú le struchtúr abairtí agus le stór focal nuair is gá;

- labhairt go hinchloiste le go gcluinfear agus le go dtuigfear iad;

- agus iad ag éirí níos muiníní i gcónaí, labhairt go hinchloiste le go gcluinfear agus le go dtuigfear iad;

- teagmháil súl a dhéanamh ar mhaithe le tuiscint agus seal a ghlacadh i gcomhrá;

- teagmháil súl a dhéanamh agus iad ag labhairt le duine, agus ligean do dhaoine eile labhairt, nuair a bhíonn siad ag obair i bpéirí nó i ngrúpaí beaga, mar shampla.